Seodra sa Daingean

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi sheodra ársa a aimsíodh i gCiarraí. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí cur síos ar an ngrianghraf thíos. Cad is féidir libh a rá faoin seodra ón bpictiúr?



Ceist 2 Déan iarracht Gaeilge a chur ar na focail thíos.

1. *brooch* _____
2. *close to* _____
3. *precious* _____
4. *engraved* _____
5. *skill of the jeweller* _____
6. *spellbound* _____
7. *bronze* _____
8. *tourmaline* _____
9. *Gothic letters* _____
10. *The Black Death* _____

Anois, féach ar an tuairisc agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail thuas inti.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén áit ar aimsíodh an bróiste agus cé a d'aimsigh é?
2. Cén aois lena mbaineann an bróiste?
3. Cá mbeidh an bróiste an deireadh seachtaine seo agus cá mbeidh sé amach anseo?
4. Cad a bhí le rá ag an Dr. Nessa O'Connor agus ag Isabel Bennet?

Ceist 4 '…*Corca Dhuibhne*...' agus *'…An Daingean…'*

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa.

1. Cé as tú féin ó dhúchas?
2. Cén cúlra a bhaineann le hainm Gaeilge na háite sin?
3. Scríobh síos an cúige arb as duit agus na contaetha ar fad atá sa chúige sin.
4. Cad a cheapann tú faoin áit arb as duit?

Ceist 5 '…*níos buaine*…'

A. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail thuas?

B. Athraigh na haidiachtaí seo, a bhí sa mhír, i ndiaidh ***níos***:

- cóngarach níos _____
- luachmhar níos _____
- rúnda níos _____
- neamhghnách níos _____
- mór níos _____
- Gotach níos _____
- beag níos _____
- geal níos _____
- gorm níos _____

C. Cathain a úsáidtear ***is*** in áit ***níos***?
D. Cén t-athrú a thagann ar an aidiacht tar éis ***is***?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Samhlaigh gur tú féin a d'aimsigh an bróiste ársa. Conas mar a mhothófá faoi sin?
2. An mbeadh a leithéid de bhróiste faiseanta sa lá atá inniu ann? Cén fáth sin, meas tú?
3. Conas a chuireann an tseandálaíocht leis an tuiscint atá againn ar chúrsaí staire?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

1. *brooch*	bróiste
2. *close to*	cóngarach do
3. *precious*	luachmhar
4. *engraved*	greanta
5. *skill of the jeweller*	oilteacht an tseodóra
6. *spellbound*	faoi gheasa
7. *bronze*	cré-umha
8. *tourmaline*	túrmailín
9. *Gothic letters*	litreacha Gotacha
10. *The Black Death*	An Galar Dubh

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Cúige Chonnacht	Cúige Mumhan
1. Contae na Gaillimhe 2. Contae Liatroma 3. Contae Mhaigh Eo 4. Contae Ros Comáin 5. Contae Shligigh	6. Contae Chiarraí 7. Contae an Chláir 8. Contae Chorcaí 9. Contae Luimnigh 10. Contae Phort Láirge 11. Contae Thiobraid Árann
Cúige Laighean	**Cúige Uladh**
12. Contae Bhaile Átha Cliath 13. Contae Cheatharlach 14. Contae Chill Chainnigh 15. Contae Chill Dara 16. Contae Chill Mhantáin 17. Contae na hIarmhí 18. Contae Laoise 19. Contae Loch Garman 20. Contae an Longfoirt 21. Contae Lú 22. Contae na Mí 23. Contae Uíbh Fhailí	24. Contae Aontroma 25. Contae Ard Mhacha 26. Contae an Chabháin 27. Contae Dhoire 28. Contae an Dúin 29. Contae Dhún na nGall 30. Contae Fhear Manach 31. Contae Mhuineacháin 32. Contae Thír Eoghain

Ceist 5

A. Breischéim na haidiachta atá ann.

B.

cóngarach	níos *cóngaraí*
luachmhar	níos *luachmhara*
rúnda	níos *rúnda*
neamhghnách	níos *neamhghnáiche*
mór	níos *mó*
Gotach	níos *Gotaí*
beag	níos *lú*
geal	níos *gile*
gorm	níos *goirme*

C. Is é ***is*** sárchéim na haidiachta, mar shampla: Tá Seán **níos** ciúine ná Máire, ach is í Síle an duine **is** ciúine sa teaghlach.
D. Is ionann breischéim na haidiachta agus sárchéim na haidiachta.

Ceist 6
Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
Tá bróiste óir, ocht gcéad bliain d'aois, aimsithe i gCorca Dhuibhne. Fear a bhí amuigh ag siúl cóngarach don Daingean a tháinig ar an mbróiste. Tá cloch luachmhar ann agus cód rúnda greanta air.

An Dr. Nessa O'Connor, Ard-Mhúsaem na hÉireann
Oh tá sé an-bheag ar fad.

Seán Mac an tSíthigh
É slán sábháilte i dtaisce san Ard-Mhúsaem. Áilleacht agus oilteacht an tseodóra i bhfeighil ocht gcéad bliain ó shin. Aimsíodh[1] an bróiste luachmhar, ón dtríú[2] haois déag, cóngarach don Daingean, agus tá seandálaithe faoi gheasa aige.

An Dr. Nessa O'Connor, Ard-Mhúsaem na hÉireann
Tá áthas an domhain orainn an ceann seo a fháil. Tá roinnt mhaith dóibh sin againn sa bhailiúchán, ach amháin déanta de chré-umha. Is annamh an rud teacht ar cheann déanta d'ór.

Isabel Bennet, Seandálaí
Agus chonaic sé é idir na clocha ag glioscarnach[3].

Seán Mac an tSíthigh
Ba anseo ar an gCluais Mhóir a d'aimsigh Ian Andrew an bróiste. Cuairteoir ó Shasana a bhí ar saoire i gCorca Dhuibhne.

Isabel Bennet, Seandálaí
An rud is neamhghnáiche ná go bhfuarthas[4] an bróiste anseo i gCorca Dhuibhne. Ní raibh riamh a leithéid feicthe againn anso[5]. Níl a fhios againn cárbh[6] as ar tháinig sé. An raibh sé istigh i gcré in aice linn agus leis an mbáisteach gur tháinig sé amach? B'fhéidir gur éan a phioc suas é ó áit eile agus gur thit sé as a bhéal.

An Dr. Nessa O'Connor, Ard-Mhúsaem na hÉireann
Tá cloch gheal ghorm ann agus cheapamar i dtús báire b'fhéidir gur saifir a bhí i gceist ach anois tuigimid gur túrmailín atá ann.

Seán Mac an tSíthigh
Agus, tá litreacha Gotacha breactha air, cód rúnda, a mheastar.

An Dr. Nessa O'Connor, Ard-Mhúsaem na hÉireann
Tá a fhios againn ó chinn eile atá sa bhailiúchán agus atá i músaeim eile, gur corr uair is b'fhéidir paidir ghearr[7] nó cód cosanta de short mar gheall ar na galair a bhí mórthimpeall faoin am sin, sa tríú céad déag agus sa cheathrú (céad) déag, mar shampla an *Black Death*[8].

[1] *d'aimsíodh* a dúradh
[2] Córas na Mumhan
[3] ag *glioscarnaigh* a dúradh
[4] *go bhfuaradh* a dúradh
[5] *anseo* an leagan caighdeánach
[6] *cár as* a dúradh
[7] *gearr* a dúradh
[8] *An Galar Dubh* an leagan Gaeilge.

Beidh deis ag pobal Chorca Dhuibhne súil a chaitheamh ar an mbróiste Dé hAoine agus Dé Sathairn beag so[9], anso i Músaem Bhaile an Fheirtéaraigh. Ina dhiaidh sin tá sé beartaithe é a bheith mar chuid de thaispeántas níos buaine in Ard-Mhúsaem na hÉireann i mBaile Átha Cliath.

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, Corca Dhuibhe.

[9] *seo* an leagan caighdeánach